# Clár na dToghthóirí

## Iarratas ar Vóta Poist
do Chomhaltaí Óglaigh na hÉireann

**Tá sé níos éasca ar líne!**

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.

**www.seiceáilanclár.ie**

Ní fhéadfaidh comhaltaí Óglaigh na hÉireann vótáil ach amháin leis an bpost agus ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar vóta poist chun é sin a dhéanamh. Má tá tú i do chónaí in áitreabh míleata, féadfaidh tú rogha a dhéanamh a bheith cláraithe ag an áitreabh sin nó ag do sheoladh baile.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait.
Inseoimid duit conas agus cén fáth a úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanaigh 2.
Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm seo a chomhlánú.

**Comhlánaigh an fhoirm seo i MBLOCLITREACHA, le do thoil**

## 1 Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe L L M M B B B B

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

An áit a bhfuil tú i do chónaí anois (sa chás go bhfuil sé de dhíth ort cónaí ag beairic/áitreabh míleata, cuir isteach an seoladh sin).

Uimhir Sheirbhíse

Grád

Aonad

Seoladh Baile (má bhaineann sé)

Éirchód

Más áitreabh míleata é an seoladh ag a bhfuil cónaí ort de ghnáth, agus más mian leat a bheith cláraithe chun vótáil ag do sheoladh baile, cuir isteach do sheoladh baile anseo.

## 2 Sínigh anseo

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- fírinneach, agus
- iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta L L M M B B B B

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag **www.seiceáilanclár.ie**.

Is féidir leat **www.seiceáilanclár.ie** a úsáid freisin chun:

- clárú chun vóta a chaitheamh;
- do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Más comhalta d'Óglaigh na hÉireann tú ní féidir leat vótáil ach tríd an bpost.

Mar chomhalta d'Óglaigh na hÉireann is féidir leat a roghnú cibé an bhfuil tú cláraithe chun vótáil ag d'áit chónaithe mhíleata nó ag do sheoladh baile.

Chun a bheith cláraithe ag do sheoladh baile, beidh ort do sheoladh cónaithe míleata agus do sheoladh baile araon a chur ar fáil ar an bhfoirm seo.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## An dáta is déanaí a nglacfar le hIarratas

Is féidir an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Má fhógaítear toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

| Imeacht toghcháin | An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil |
|---|---|
| **Toghchán don Dáil** | Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála |
| **Fothoghchán Dála** | Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála |
| **Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann** | 22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) |

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil.

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat breathnú ar sheoladh d'údaráis áitiúil ar líne nó iarr ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.